2023/2785

15.12.2023

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2023/2785 ÓN gCOIMISIÚN

an 14 Nollaig 2023

lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2325 a mhéid a bhaineann le húdaráis rialaithe áirithe agus comhlachtaí rialaithe áirithe a aithint chun táirgí orgánacha a allmhairiú isteach san Aontas

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2018/848 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018 maidir le táirgeadh orgánach agus lipéadú táirgí orgánacha agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 834/2007 ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 48(3) agus Airteagal 57(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le hIarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2325 ón gCoimisiún ([2]) leagtar amach an liosta de thríú tíortha a n-aithnítear go bhfuil a gcórais táirgthe agus a mbearta rialaithe chun táirgí talmhaíochta a tháirgeadh go horgánach coibhéiseach leis na córais táirgthe agus bearta rialaithe a leagtar síos i Rialachán (CE) Uimh. 834/2007 ón gComhairle ([3]). I bhfianaise faisnéis nua a fuair an Coimisiún ó glacadh Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2325, ba cheart athruithe áirithe a dhéanamh ar an bhfaisnéis a bhaineann le tríú tíortha áirithe.

(2) Chuir Ceanada in iúl don Choimisiún gur tharraing a údarás inniúil siar na comhlachtaí rialaithe 'British Columbia Association for Regenerative Agriculture (BCARA)' (CA-ORG-002) agus 'International Certification Services, Inc.' (ICS) (CA-ORG-009) ón liosta de chomhlachtaí rialaithe a aithníonn Ceanada agus gur athraíodh ainm an chomhlacht rialaithe 'Centre for Systems Integration (CSI)' (CA-ORG-004).

(3) Chuir Iosrael in iúl don Choimisiún gur chuir a údarás inniúil an comhlacht rialaithe 'Agrior Ltd-Organic Inspection & Certification' (IL-ORG-002) ar fionraí ó liosta na gcomhlachtaí rialaithe a aithníonn Iosrael agus go bhfuil comhlacht rialaithe creidiúnaithe nua 'Lab-path Ltd' (IL-ORG-005) aitheanta aige.

(4) Chuir an tSeapáin in iúl don Choimisiún gur chuir a údarás inniúil an comhlacht rialaithe 'Rice Research Organic Food Institute' (JP-BIO-023) ar fionraí ó liosta na gcomhlachtaí rialaithe a aithníonn an tSeapáin agus go bhfuil comhlacht rialaithe creidiúnaithe nua 'Miyazaki Organic Agriculture Association' (JP-BIO-043) aitheanta aici.

(5) Chuir Poblacht na Cóiré in iúl don Choimisiún gur chuir a údarás inniúil na comhlachtaí rialaithe 'OCK' (KR-ORG-005), 'Korea Environment-Friendly Organic Certification Centre' (KR-ORG-007), 'Neo environmentally-friendly Certification Center' (KR-ORG-019), 'ISC Agriculture development research institute' (KR-ORG-021) agus 'Greenstar Agrifood Certification Center' (KR-ORG-022) ar fionraí ó liosta na gcomhlachtaí rialaithe a aithníonn Poblacht na Cóiré agus go bhfuil na comhlachtaí rialaithe creidiúnaithe nua 'Sungnong' (KR-ORG-039), 'Tojo Glonics co. Ltd.' (KR-ORG-040), 'YANGPYEONG ENVIRONMENT-FRIENDLY CERTIFICATION CENTER' (KR-ORG-041), 'Haezin Corporation' (KR-ORG-042), 'Institute of Green Certification' (KR-ORG-043) agus 'DODAM Eco-Friendly' (KR-ORG-044) aitheanta aici.

(6) Chuir Poblacht na Cóiré in iúl don Choimisiún freisin gur athraíodh ainm agus seoladh idirlín an chomhlachta rialaithe 'Doalnara Organic Certificated Korea' (KR-ORG-002), gur athraíodh ainm agus seoladh idirlín an chomhlachta rialaithe 'Global Organic Agriculturalist Association' (KR-ORG-004), gur athraíodh seoladh idirlín an chomhlachta idirlín 'KAFCC' (KR-ORG-006), gur athraíodh ainm an chomhlachta rialaithe 'Konkuk Ecocert

([1]) IO L 150, 14.6.2018, lch. 1.

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2325 ón gCoimisiún an 16 Nollaig 2021 lena mbunaítear, de bhun Rialachán (AE) 2018/848 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, an liosta de thríú tíortha agus an liosta d'údaráis rialaithe agus de chomhlachtaí rialaithe a rinneadh a aithint faoi Airteagal 33(2) agus (3) de Rialachán (CE) Uimh. 834/2007 ón gComhairle chun táirgí orgánacha a allmhairiú isteach san Aontas (IO L 465, 29.12.2021, lch. 8).

([3]) Rialachán (CE) Uimh. 834/2007 ón gComhairle an 28 Meitheamh 2007 maidir le táirgeacht orgánach agus lipéadú táirgí orgánacha agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 2092/91 (IO L 189, 20.7.2007, lch. 1).

Certification Service' (KR-ORG-008), gur athraíodh ainm agus seoladh idirlín an comhlachta rialaithe 'Green Environmentally-Friendly certification center' (KR-ORG-020), gur athraíodh ainm agus seoladh idirlín an comhlachta rialaithe 'Eco Agriculture Institute Inc' (KR-ORG-029), gur athraíodh ainm agus seoladh idirlín an comhlachta rialaithe 'Korea organic certification' (KR-ORG-031) gur athraíodh ainm agus seoladh idirlín an chomhlachta rialaithe 'Ctforum. Ltd' (KR-ORG-037) agus gur athraíodh ainm agus seoladh idirlín an chomhlachta rialaithe 'ORGANIC PROMOTION' (KR-ORG-038).

(7) Chuir na Stáit Aontaithe in iúl don Choimisiún gur athraíodh ainm an chomhlachta rialaithe'Department of Plant Industry — Clemson University' (US-ORG-009) go 'Clemson University' agus gur athraíodh ainm an chomhlachta rialaithe 'Ecocert S.A' (US-ORG-010) go 'Ecocert S.A.S'.

(8) Chuir na Stáit Aontaithe in iúl don Choimisiún freisin go ndearna na comhlachtaí rialaithe 'Ecocert ICO, LLC' (US-ORG-016), 'International Certification Services, Inc.' (US-ORG-017), 'LACON GmbH' (US-ORG-020), 'New Jersey Department of Agriculture' (US-ORG-034) agus 'New Mexico Department of Agriculture, Organic Program' (US-ORG-035) a gcuid gníomhaíochtaí a scor agus, dá bhrí sin, gur tarraingíodh siar iad ó liosta na gcomhlachtaí rialaithe a aithníonn na Stáit Aontaithe. Thairis sin, chuir na Stáit Aontaithe in iúl don Choimisiún go bhfuil comhlacht rialaithe creidiúnaithe nua 'Certificadora Mexicana de productos y procesos ecológicos S.C.' (US-ORG-069) aitheanta acu.

(9) In Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2325 leagtar amach an liosta de na húdaráis rialaithe agus na comhlachtaí rialaithe a dhéantar a aithint chun críche coibhéise agus atá inniúil chun rialuithe a dhéanamh agus deimhnithe a eisiúint i dtríú tíortha. I bhfianaise faisnéis nua agus iarrataí nua a fuair an Coimisiún ó glacadh Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2325, ba cheart athruithe áirithe a dhéanamh ar an liosta sin.

(10) Fuair an Coimisiún iarraidh ó 'Ecogruppo Italia' (BIO-187) a aitheantas i leith na dtríú tíortha uile a n-aithnítear é ina leith a tharraingt siar.

(11) Fuair an Coimisiún iarraidh ó 'TÜV Nord Integra' (BIO-160) a aitheantas i leith na dtríú tíortha uile a n-aithnítear é ina leith a tharraingt siar.

(12) Chuir 'Ecovivendi d.o.o. Belgrade' (BIO-183) in iúl don Choimisiún gur athraíodh a sheoladh.

(13) Fuair an Coimisiún iarraidh ó 'Oregon Tilth' (BIO-116) a aitheantas i leith na Bolaive, na Sile agus Hondúras a tharraingt siar. Fuair an Coimisiún iarraidh ó 'Ekoagros' (BIO-170) a aitheantas i gcás gach catagóir táirgí i leith Chónaidhm na Rúise agus Phoblacht na Bealarúise a tharraingt siar, agus a aitheantas i gcás catagóirí táirgí D agus F i leith na Casacstáine agus na Táidsíceastáine a tharraingt siar.

(14) Ba cheart Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2325 a leasú dá réir sin.

(15) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste um tháirgeadh orgánach,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Rialachán (AE) 2021/2325 mar a leanas:

(1) Leasaítear Iarscríbhinn I i gcomhréir le hIarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo.

(2) Leasaítear Iarscríbhinn II i gcomhréir le hIarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 14 Nollaig 2023.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN I

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/2325 mar a leanas:

(1) san iontráil le haghaidh 'CANADA', leasaítear an tábla i bpointe 5 mar a leanas:

(a) scriostar na rónna maidir le códuimhreacha CA-ORG-002 agus CA-ORG-009;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró maidir le códuimhir CA-ORG-004:

'CA-ORG-004	Seeds Canada dba Centre for Systems Integration (CSI)	www.csi-ics.com'

(2) san iontráil le haghaidh 'ISRAEL', leasaítear an tábla i bpointe 5 mar a leanas:

(a) scriostar an ró maidir le códuimhir IL-ORG-002;

(b) cuirtear isteach an ró seo a leanas:

'IL-ORG-005	Lab-path Ltd.	www.lab-path.co.il'

(3) san iontráil le haghaidh 'JAPAN', leasaítear an tábla i bpointe 5 mar a leanas:

(a) scriostar an ró maidir le códuimhir JP-BIO-023;

(b) cuirtear isteach an ró seo a leanas:

'JP-BIO-043	Miyazaki Organic Agriculture Association	https://www.miyazaki-oaa.com/'

(4) san iontráil le haghaidh 'REPUBLIC OF KOREA', leasaítear an tábla i bpointe 5 mar a leanas:

(a) scriostar na rónna maidir le códuimhreacha KR-ORG-005, KR-ORG-007, KR-ORG-019, KR-ORG-021 agus KR-ORG-022;

(b) cuirtear na rónna seo a leanas isteach:

'KR-ORG-039	Sungnong	친환경농산물인증.kr
KR-ORG-040	Tojo Glonics co. Ltd.	cafe.daum.net/thoji
KR-ORG-041	YANGPYEONG ENVIRONMENT-FRIENDLY CERTIFICATION CENTER	yporganic.net
KR-ORG-042	Haezin Corporation	cafe.daum.net/haezingood
KR-ORG-043	Institute of Green Certification	blog.naver.com/green2080_
KR-ORG-044	DODAM Eco-Friendly	dodamecocerti.quv.kr'

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró maidir le códuimhir KR-ORG-002:

'KR-ORG-002	WECERT, LLC.	www.wecert.co.kr'

(d) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró maidir le códuimhir KR-ORG-004:

'KR-ORG-004	Global Agricultural Food Certification Cooperation Co. Ltd	www.gafc.kr'

(e) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró maidir le códuimhir KR-ORG-006:

‘KR-ORG-006	KAFCC	www.kafcc.or.kr’

(f) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró maidir le códuimhir KR-ORG-008:

‘KR-ORG-008	Konkuk Ecocert Certification Agency	www.ecocert.co.kr’

(g) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró maidir le códuimhir KR-ORG-020:

‘KR-ORG-020	Green Organic Co., Ltd.	cafe.naver.com/greenorganic6279’

(h) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró maidir le códuimhir KR-ORG-029:

‘KR-ORG-029	Institute of friendly environment-agriculture, Inc.	ifea.co.kr’

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró maidir le códuimhir KR-ORG-031:

‘KR-ORG-031	Korea Organic Certification Co., LTD	koc2022.modoo.at’

(j) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró maidir le códuimhir KR-ORG-037:

‘KR-ORG-037	Ctforum. Inc	ctforum.co.kr’

(k) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró maidir le códuimhir KR-ORG-038:

‘KR-ORG-038	ORGANIC PROMOTION AGENCY	blog.naver.com/opa7373’

(5) san iontráil le haghaidh ‘UNITED STATES’, leasaítear an tábla i bpointe 5 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró maidir le códuimhir US-ORG-009:

‘US-ORG-009	Clemson University	www.clemson.edu/organic’

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró maidir le códuimhir US-ORG-010:

‘US-ORG-010	Ecocert S.A.S.	www.ecocert.com’

(c) scriostar na rónna maidir le códuimhreacha US-ORG-016, US-ORG-017, US-ORG-020, US-ORG-034 agus US-ORG-035;

(d) cuirtear isteach an ró seo a leanas:

‘US-ORG-069	Certificadora Mexicana de productos y procesos ecológicos S.C.	https://certimexsc.com/cmx’

IARSCRÍBHINN II

Leasaítear Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/2325 mar a leanas:

(1) scriostar an iontráil le haghaidh 'Ecogruppo Italia';

(2) scriostar an iontráil le haghaidh 'TÜV Nord Integra';

(3) san iontráil le haghaidh 'Ecovivendi d.o.o. Belgrade', cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 1:

'1 Address: Voje Veljkovica no.14, 11050 Beograd';

(4) san iontráil le haghaidh 'Oregon Tilth', sa tábla i bpointe 3, scriostar na rónna le haghaidh na Bolaive, na Sile agus Hondúras;

(5) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála le haghaidh 'Ekoagros':

'Códuimhir	Tríú tír	Catagóir táirgí					
		A	B	C	D	E	F
KZ-BIO-170	An Chasacstáin	x	x	—	—	—	—
TJ-BIO-170	An Táidsíceastáin	x	x	—	—	—	—'.